# Daonáireamh 2022 Taisceadán Todhchaí

**I mbliana, beidh rannán taisceadán todhchaí ag deireadh na foirme sa daonáireamh (féach an íomhá thíos) don chéad uair. Is deis uathúil agus spreagúil í seo chun teachtaireacht a scríobh don todhchaí. Coimeádfar gach foirm daonáirimh go slán sábháilte go ceann 100 bliain ionas nach bhfeicfidh aon duine an méid atá scríofa sa taisceadán todhchaí go dtí 2122. Samhlaigh cén léargas de shaol na hÉireann i 2022 a bheidh ag muintir na todhchaí nuair a chuirfear na teachtaireachtaí os comhair an phobail!**

Tugtar cuireadh do mhúinteoirí plé a dhéanamh lena ndaltaí cad ba mhaith leo a scríobh ina rannán taisceadán todhchaí.

Is féidir an plé seo a thabhairt abhaile mar cheacht obair bhaile ar féidir leis an teaghlach ar fad a bheith páirteach ann. Is féidir le múinteoirí agus daltaí ceacht a dhéanamh ar cad ba mhaith leo a scríobh ar an bhfoirm – bíodh sé ina phictiúr, scéal, cur síos ar lá den saol, nó fiú oideas ciste seacláide rúnda Mhamó!

**Taisceadán Todhchaí:**
Is ar bhonn roghnach a sholáthraítear faisnéis sa Taisceadán Todhchaí seo agus bailítear í go saorálach faoi Alt 24 den Acht Staidrimh 1993. Tá an chosaint chéanna ag an ábhar seo trí na cosaintí céanna rúndachta agus atá ag do shonraí uile Daonáirimh go ceann 100 bliain. Tar éis 100 bliain, cuirfear an Taisceadán Todhchaí seo ar fáil don phobal.
**Teachtaireachtaí lámhscríofa amháin atá le scríobh sa spás seo. Bainfear grianghraif agus iatáin eile agus ní féidir iad a sheoladh ar ais.**